**Plean Cruinneas Litearthachta agus Cainte an Ghaelcholáiste**
**Cuirtear béim ar an gcopail “Is” agus gach foirm de**
**i ngach rang, gach lá agus gach duine.**

| **Aimsir Láithreach** | | **Aimsir Chaite** | |
|---|---|---|---|
| **Is** | Is aisteoir iontach é.<br>*Aisteoir iontach is ea é.*<br>Is ealaíontóir maith í.<br>*Ealaíontóir maith is ea í.*<br>Is le Seán é. | **Ba/ B’** | Ba rothar rásaíochta é.<br>*Rothar rásaíochta ab ea é.*<br>Ba c**h**eannaire maith í.<br>*Ceannaire maith ab ea í.*<br>B’amadán cruthanta é.<br>*Amadán cruthanta ab ea é.* |
| **Ní** | Ní aisteoir iontach é Seán<br>Ní ealaíontóir maith í Máire.<br>Ní le Seán é. | **Níor/ Níorbh** | Níor dhochtúir é.<br>Níor c**h**ailín óg í..<br>Níorbh f**h**ear deas é<br>Níorbh é Seán a bhris an fhuinneog.<br>Níorbh é The Simpsons an clár teilifíse ab fhearr liom nuair a bhí mé óg. |
| **An ?** | An aisteoir iontach é?<br>An ealaíontóir maith é?<br>An le Seán é? | **Ar? Arbh?** | Ar d**h**ochtúir é?<br>Ar d**h**alta maith í?<br>*Arbh f**h**uar an lá é?*<br>*Arbh aoibhinn an lá é?* |
| **Nach?** | Nach aisteoir iontach é Seán?<br>Nach ealaíontóir maith í Máire?<br>Nach le Seán é?<br>Nach í Úna an bainisteoir?<br>Nach é Baile Átha Cliath príomhchathair na hÉireann? | **Nár? Nárbh?** | Nár aisteoir iontach é Seán?<br>Nár f**h**reagra maith é sin?<br>Nár m**h**aith an freagra é?<br>*Nárbh iontach an t-aisteoir é Seán?*<br>*Nárbh f**h**uar an lá é?* |

**Seo thíos roinnt nathanna comónta ina mbíonn an struchtúr seo in úsáid:**

1. Is mise/ Ní mise (a rinne é).
2. An leatsa é ? Is liomsa é/ Ní liomsa é.
3. Is fíor duit.
4. Is dóigh liom.
5. Is fiú é. / B’fhiú duit./ Nárbh fhiú duit ?
6. Is mian liom.
7. Ba bhreá liom.
8. An dóigh leat ? Is dóigh/ Ní dóigh liom.
9. Ar mhiste leat ? Ní miste/Is miste liom.
10. Nach iontach an duine tú.